Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Samhain 2022**
**(OR. en)**

**13958/22**

**CDR 132**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gceaptar comhalta, de Choiste na Réigiún arna mholadh ag Poblacht na hIodáile |

**CINNEADH (AE) 2022/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena gceaptar comhalta,**
**arna mholadh ag Poblacht na hIodáile,**
**de Choiste na Réigiún**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún[1],

Ag féachaint don togra ó rialtas na hIodáile,

---

1 IO L 139, 27.5.2019, lch. 13.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla agus sainordú toghchánach acu in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

(2) An 20 Eanáir 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2020/102[1], lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025.

(3) Tá suíochán comhalta ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis do Sebastiano MUSUMECI éirí as oifig.

(4) Mhol Rialtas na hIodáile Christian SOLINAS, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach é agus a bhfuil sainordú toghchánach in údarás réigiúnach aige, *Presidente della Regione Sardegna* (Uachtarán Féinrialaitheach na Sairdíne), mar chomhalta malartach de Choiste na Réigiún go dtí an 23 Feabhra 2024,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[1] Cinneadh (AE) 2020/102 ón gComhairle an 20 Eanáir 2020 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025 (IO L 20, 24.1.2020, lch. 2).

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar Christian SOLINAS, ionadaí de chomhlacht réigiúnach a bhfuil sainordú toghchánach aige, *Presidente della Regione Sardegna* (Uachtarán Féinrialaitheach na Sairdíne), mar chomhalta de Choiste na Réigiún go dtí an 23 Feabhra 2024.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*